Úsáid na Gaeilge (45 nóiméad)

Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo, le do thoil:

Ceist 1

*Léigh an téacs thíos agus scríobh **focal amháin** i ngach bearna. Ba cheart go mbeadh gach focal ceart ó thaobh na céille agus na gramadaí de.*

40 / marc

An féidir le gnáthshaoránach _____ (1) ar bith a imirt ar an bpolaitíocht idirnáisiúnta? Cad is fiú iarrachtaí an duine _____(2) i gcoinne lucht rialtais agus airm? Iad siúd a chuireann spéis i gcúrsaí reatha, tagann _____(3) orthu agus iad ag síoréisteacht le tuairiscí éagóra agus éagothroime as gach _____(4) den domhan. Go deimhin, is minic a deirtear go mbíonn muintir an iarthair ar nós is cuma liom faoi thíortha atá i bhfad ar shiúl uainn. Caithfidh sé gur _____(5) air sin é Tom Hyland, a chuaigh chun oibre i ndiaidh dó a leithéid de thuairisc a fháil ó oileán i bhfad i gcéin.

"Go luath sa bhliain 1992," a deir Tom, "bhreathnaigh mé féin agus cuid de mo chairde ar chlár teilifíse faoi Thíomór Thoir*****. _____ (6) an clár seo go mór mé. Rinne fórsaí na hIndinéise _____ (7) ar an oileán sa bhliain 1975 agus ón am sin i leith maraíodh timpeall 35% de mhuintir an oileáin. Sin breis agus_____(8) de dhaonra an oileáin! Bhí talamh na ndaoine á choigistiú agus á _____ (9) ar phlandóirí Indinéiseacha."

Dar le Tom nach tráth cainte ar bith a bhí ann, ach tráth _____(10). Bhunaigh sé an *East Timor Ireland Solidarity Campaign*, eagraíocht a bhí _____ (11) ina sheomra leapa i mBaile Munna, Baile Átha Cliath. Is beag cara sa _____ (12) a bhí ag Tom sna meáin chumarsáide ná i nDáil Éireann. Iar-thiománaí bus a bhí ann nach raibh _____ (13) amach ar bith aige ar obair brúghrúpa. "Bhí mé dífhostaithe ag an am. Ní raibh barúil faoin _____(14) againn conas _____ (15) polaitiúil a rith. Ach i ndiaidh dúinn a bheith páirteach i gclár cainte ar RTÉ, chuaigh daoine i _____ (16) linn, ag iarraidh cabhrú linn."

Ní fada go raibh oifig dá gcuid féin acu ar Shráid an Dáma agus _____(17) de chúigear oibrithe lánaimseartha. "D'fhoghlaimíomar de réir a chéile. Bhíomar páirteach i _____ (18) idirnáisiúnta de ghrúpaí tacaíochta a bhí ag saothrú ar son cearta daonna. Am ar bith ar _____ (19) cearta daonna na ndaoine, chuireamar tuairisc faoi bhráid na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí eile."

Inniu, tá saoirse bainte amach ag Tíomór Thoir*****, a bhí faoi smacht na hIndinéise ar feadh cúig bliana is fiche. Vótáil muintir an oileáin ar son an _____(20) i reifreann a reáchtáladh sa bhliain 1999, scéal a chuir áthas ar a gcairde anseo in Éirinn. Bhí ábhar ag Tom Hyland a bheith bródúil. Ba eisean a chuir muintir na hÉireann ar an eolas faoi anchás mhuintir Thíomór Thoir, agus a spreag an rialtas chun rud éigin a dhéanamh.

*** East Timor = Tíomór Thoir**

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Ceist 2

Déan gach ceann de na habairtí thíos a aistriú go Gaeilge.

25 / marc

1. A new housing estate is being built on the outskirts of Galway city.

_____

2. Áine and Pól were married last year in a village in Italy.

_____

3. Four Irish authors have won the Nobel Prize (Duais Nobel) and it is difficult to say who was the best of them.

_____

_____

4. He loved the humour of the people of the Kerry Gaeltacht.

_____

5. The Arts Officer booked the hall for a photography exhibition.

_____

Ceist 3

Cruthaigh ceangal coibhneasta idir an dá chlásal sna samplaí thíos. Scríobh abairt iomlán i ngach cás.

20 / marc

Mar shampla:
Is duine é. Is féidir brath air.
Is duine é ar féidir brath air.

1. Ba scoláire é. B'eol dó a lán rudaí faoi stair an cheantair.

_____

2. Siúd í an fhianaise. Bunaíodh an cás cúirte go léir uirthi.

_____

3. Bhí aithne agam ar bhean. Áine ab ainm di.

_____

4. Sin é an post. Ba dhual dom é.

_____

5. Amhrán is ea é. Níorbh éasca é a chanadh.

_____

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Ceist 4

Déan cibé athrú gramadaí is gá ar na focail idir lúibíní.

20 / marc

1. Tá mé i bhfabhar [an Ghearmáinis] _____ a mhúineadh i ngach meánscoil.

2. Ceapadh í mar ionadaí ar son mhic léinn [an chéad bhliain] _____.

3. Scríobh sí dhá leabhar le linn na tréimhse [torthúil] _____sin.

4. Tá dualgais mhúinteoireachta agus dualgais [taighde] _____ag baint leis an bpost.

5. Tá dúil mhór agam i gcuid de na cláir [greann] _____a dhéantar i Meiriceá.

Ceist 5

Athscríobh na habairtí thíos san aimsir chuí mar a dhéantar sa sampla.

20 / marc

Sampla:
Bhuail sé isteach san oifig agus phléamar cúrsaí an tsaoil.
Aimsir ghnáthchaite: Bhuaileadh sé isteach san oifig agus phléimis cúrsaí an tsaoil.

1. Téann sí ag sodar roimh bhricfeasta má bhíonn an t-am aici.

Modh coinníollach:

_____

2. Rugadh líon ard páistí sa chathair agus cuireadh brú mór ar sheirbhísí oideachais.

Aimsir fháistineach:

_____

3. Tugaimid aire dár ngnó féin agus ní chuirimid isteach ar aon duine.

Modh ordaitheach:

_____

4. Ceannóidh na turasóirí tithe saoire anseo agus cóireoidh siad go deas iad.

Aimsir ghnáthchaite:

_____

5. Saothraítear agus itear a lán cineálacha bia nach bhfuil taithí againne orthu.

Aimsir fháistineach:

_____

© Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann Má Nuad